2025/203

30.1.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/203 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Eanáir 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ([2]) ón gCoimisiún leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ([3]) ón gCoimisiún leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thairis sin, thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éanlaith chlóis atá ann i gcúige British Columbia, ráig a deimhníodh an 31 Nollaig 2024 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi chúig ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcontaetha East Sussex, Lincolnshire, Norfolk, North Yorkshire agus Shropshire, Sasana, ráigeanna a deimhníodh idir an 17 Eanáir 2025 agus an 21 Eanáir 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh teacht isteach san Aontas, agus gluaiseacht agus láimhseáil coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 21 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California (1), Florida (2), Georgia (1), Indiana (2), Maryland (2), Missouri (1), Minnesota (1), New York (1), Oregon (1) agus Ohio (9), ráigeanna a deimhníodh idir an 9 Eanáir 2025 agus an 17 Eanáir 2025 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(8) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin a tharla le déanaí.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin lena mbaineann na ráigeanna a tharla le déanaí a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(11) Ina theannta sin, sholáthair na Stáit Aontaithe faisnéis cothrom le dáta don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach táirgí áirithe san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis cothrom le dáta isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le seacht ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California agus Washington, ráigeanna a deimhníodh idir an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus an 14 Samhain 2024, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chuir na Stáit Aontaithe beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus chuir siad na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá i gcrích freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríoch.

(14) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir na Stáit Aontaithe isteach agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann a chur ar fionraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sna Stáit Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(16) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios CA-2.254 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.253:

'CA Ceanada	CA-2.254	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		31.12.2024'	

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.343 go GB-2.347 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.342:

'GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.343	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		17.1.2025	
	GB-2.344		N, P1		17.1.2025	
	GB-2.345		N, P1		17.1.2025	
	GB-2.346		N, P1		20.1.2025	
	GB-2.347		N, P1		21.1.2025'	

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.684 agus US-2.685:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.684	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		15.10.2024	22.12.2024
	US-2.685		N, P1		16.10.2024	22.12.2024'

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.687, US-2.688 agus US-2.689:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.687	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		24.10.2024	10.12.2024
	US-2.688		N, P1		29.10.2024	28.12.2024
	US-2.689		N, P1		29.10.2024	30.12.2024'

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.691:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.691	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		30.10.2024	30.12.2024'

(vi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.699:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.699	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.11.2024	30.12.2024'

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.822 go US-2.842 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.821:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.822	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.1.2025	
	US-2.823		N, P1		14.1.2025	
	US-2.824		N, P1		9.1.2025	
	US-2.825		N, P1		14.1.2025	
	US-2.826		N, P1		14.1.2025	
	US-2.827		N, P1		14.1.2025	
	US-2.828		N, P1		16.1.2025	
	US-2.829		N, P1		17.1.2025	
	US-2.830		N, P1		16.1.2025	
	US-2.831		N, P1		14.1.2025	
	US-2.832		N, P1		16.1.2025	
	US-2.833		N, P1		17.1.2025	
	US-2.834		N, P1		16.1.2025	
	US-2.835		N, P1		17.1.2025	
	US-2.836		N, P1		15.1.2025	
	US-2.837		N, P1		15.1.2025	
	US-2.838		N, P1		15.1.2025	
	US-2.839		N, P1		17.1.2025	
	US-2.840		N, P1		17.1.2025	
	US-2.841		N, P1		15.1.2025	
	US-2.842		N, P1		16.1.2025'	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios CA-2.254 tar éis na tuairisce ar chrios CA-2.253:

'Ceanada	CA-2.254	British Columbia – Latitude 49.86, Longitude –118.15 The municipalities involved are: 3km PZ: Edgewood 10km SZ: Applegrove and Fauquier'

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna GB-2.343 go GB-2.347 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.342:

'An Ríocht Aontaithe	GB-2.343	near Pocklington, East Riding of Yorkshire, Yorkshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.91 and Long: W0.85
	GB-2.344	near Rye, Rother, East Sussex, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N50.94 and Long: E0.67
	GB-2.345	near Mablethorpe, East Lindsay, Lincolnshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.34 and Long: E0.18
	GB-2.346	near Wem, North Shropshire, Shropshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.89 and Long: W2.73
	GB-2.347	near Easingwold, Hambleton, North Yorkshire, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N54.07 and Long: W 1.08'

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.822 go US-2.842 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.821:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.822	State of Florida Hillsborough 06 Hillsborough County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 82.5024975°W 28.0788012°N)
	US-2.823	State of Florida Orange 02 Orange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 81.3934546°W 28.6664953°N)
	US-2.824	State of Oregon Union 04 Union County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 118.0167722°W 45.6018793°N)
	US-2.825	State of Ohio Darke 07 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7590943°W 40.4343137°N)
	US-2.826	State of Ohio Mercer 01 Mercer County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7023767°W 40.4561165°N)
	US-2.827	State of Missouri Newton 01 Newton County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.3380789°W 36.8870057°N)

	US-2.828	State of Minnesota Dakota 02 Dakota County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 93.1415862°W 44.5914563°N)
	US-2.829	State of New York Suffolk 05 Suffolk County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 72.5895019°W 41.0290004°N)
	US-2.830	State of California Riverside 04 Riverside County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 117.0474184°W 33.8760985°N)
	US-2.831	State of Maryland Caroline 02 Caroline County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 75.8508543°W 39.0642608°N)
	US-2.832	State of Maryland Queen Anne's 02 Queen Anne's County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 75.9187525°W 39.1649639°N)
	US-2.833	State of Georgia Elbert 01 Elbert County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 82.9010423°W 34.3355218°N)
	US-2.834	State of Indiana Jay 02 Jay County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7996984°W 40.4255887°N)
	US-2.835	State of Indiana Jay 03 Jay County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7996565°W 40.4824179°N)
	US-2.836	State of Ohio Darke 08 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7796957°W 40.4109566°N)
	US-2.837	State of Ohio Darke 09 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7797266°W 40.4067666°N)
	US-2.838	State of Ohio Darke 10 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7791463°W 40.4049766°N)

	US-2.839	State of Ohio Darke 11 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7490313°W 40.4347525°N)
	US-2.840	State of Ohio Darke 12 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.7801948°W 40.4183565°N)
	US-2.841	State of Ohio Mercer 02 Mercer County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.6480983°W 40.4491699°N)
	US-2.842	State of Ohio Mercer 03 Mercer County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.5809604°W 40.4558016°N)’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chrios CA-2.254 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.253:

‘CA Ceanada	CA-2.254	POU, RAT	N, P1		31.12.2024	
		GBM	P1		31.12.2024’	

(b) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.343 go GB-2.347 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.342:

‘GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.343	POU, RAT	N, P1		17.1.2025	
		GBM	P1		17.1.2025	
	GB-2.344	POU, RAT	N, P1		17.1.2025	
		GBM	P1		17.1.2025	
	GB-2.345	POU, RAT	N, P1		17.1.2025	
		GBM	P1		17.1.2025	
	GB-2.346	POU, RAT	N, P1		20.1.2025	
		GBM	P1		20.1.2025	
	GB-2.347	POU, RAT	N, P1		21.1.2025	
		GBM	P1		21.1.2025’	

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.684 agus US-2.685:

‘US Na Stáit Aontaithe	US-2.684	POU, RAT	N, P1		15.10.2024	22.12.2024
		GBM	P1		15.10.2024	22.12.2024
	US-2.685	POU, RAT	N, P1		16.10.2024	22.12.2024
		GBM	P1		16.10.2024	22.12.2024’

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.687, US-2.688 agus US-2.689:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.687	POU, RAT	N, P1		24.10.2024	10.12.2024
		GBM	P1		24.10.2024	10.12.2024
	US-2.688	POU, RAT	N, P1		29.10.2024	28.12.2024
		GBM	P1		29.10.2024	28.12.2024
	US-2.689	POU, RAT	N, P1		29.10.2024	30.12.2024
		GBM	P1		29.10.2024	30.12.2024'

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.691:

'US United States	US-2.691	POU, RAT	N, P1		30.10.2024	30.12.2024
		GBM	P1		30.10.2024	30.12.2024'

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.699:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.699	POU, RAT	N, P1		14.11.2024	30.12.2024
		GBM	P1		14.11.2024	30.12.2024'

(g) cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.822 go US-2.842 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.821:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.822	POU, RAT	N, P1		14.1.2025	
		GBM	P1		14.1.2025	
	US-2.823	POU, RAT	N, P1'		14.1.2025	
		GBM	P1		14.1.2025	
	US-2.824	POU, RAT	N, P1'		9.1.2025	
		GBM	P1		9.1.2025	
	US-2.825	POU, RAT	N, P1'		14.1.2025	
		GBM	P1		14.1.2025	
	US-2.826	POU, RAT	N, P1'		14.1.2025	
		GBM	P1		14.1.2025	
	US-2.827	POU, RAT	N, P1		14.1.2025	
		GBM	P1		14.1.2025	
	US-2.828	POU, RAT	N, P1		16.1.2025	
		GBM	P1		16.1.2025	
	US-2.829	POU, RAT	N, P1		17.1.2025	
		GBM	P1		17.1.2025	
	US-2.830	POU, RAT	N, P1		16.1.2025	
		GBM	P1		16.1.2025	
	US-2.831	POU, RAT	N, P1		14.1.2025	
		GBM	P1		14.1.2025	

	US-2.832	POU, RAT	N, P1		16.1.2025	
		GBM	P1		16.1.2025	
	US-2.833	POU, RAT	N, P1		17.1.2025	
		GBM	P1		17.1.2025	
	US-2.834	POU, RAT	N, P1		16.1.2025	
		GBM	P1		16.1.2025	
	US-2.835	POU, RAT	N, P1		17.1.2025	
		GBM	P1		17.1.2025	
	US-2.836	POU, RAT	N, P1		15.1.2025	
		GBM	P1		15.1.2025	
	US-2.837	POU, RAT	N, P1		15.1.2025	
		GBM	P1		15.1.2025	
	US-2.838	POU, RAT	N, P1		15.1.2025	
		GBM	P1		15.1.2025	
	US-2.839	POU, RAT	N, P1		17.1.2025	
		GBM	P1		17.1.2025	
	US-2.840	POU, RAT	N, P1		17.1.2025	
		GBM	P1		17.1.2025	
	US-2.841	POU, RAT	N, P1		15.1.2025	
		GBM	P1		15.1.2025	
	US-2.842	POU, RAT	N, P1		16.1.2025	
		GBM	P1		16.1.2025’	